

## Tá Seirbhís Ardchruinnis Galileo (HAS) ag feidhmiú anois agus tá leibhéal chruinnis suite gan fasach á gcur ar fáil aici

EUSPA/PR/23/02 Prág, 24 Eanáir 2023

**Tá seirbhís cheannródaíoch nua chóras suite an AE ar fáil anois mar a d'fhógair an Coimisinéir Eorpach um an Margadh Inmheánach, Thierry Breton, le linn na Comhdhála Eorpaí Spáis sa Bhrúiséal, an Bheilg.**

Trí Sheirbhís Ardchruinnis Galileo (HAS) a chur i bhfeidhm, tugtar córas satailíte an Aontais Eorpaigh go leibhéal nach bhfacthas a riamh roimhe seo, rud a thugann cruinneas fómhádair don úsáideoir thar an gcuid is mó den domhan.

Éilíonn teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail UAVanna agus feithiclí uathrialaitheacha leibhéal dhochta chruinnis maidir le heispéireas loingseoireachta níos fearr, sábháilteacht agus bainistiú éifeachtúil tráchta. Ina theannta sin, cothóidh suí le cruinneas méadaithe feidhmchláir nuálacha in iompar, talmhaíocht, geodasaíocht, siamsaíocht agus go leor earnálacha eile atá ann cheana féin. Agus aird á tabhairt ar na treochoirí margaidh sin, agus chun geilleagar digiteach an Aontais a neartú, d'fhorbair agus thástáil Gníomhaireacht an AE don Chlár Spáis, in éineacht leis an gCoimisiún Eorpach (AS DEFIS agus JRC) agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa Seirbhís Ardchruinnis Galileo. Beidh Galileo HAS ina cholún d'fheidhmchláir a mbeidh faisnéis bheacht iontaofa suite ag teastáil uathu. Áirítear leis sin beartais earnála an AE agus beartais náisiúnta ag Ballstáit an AE freisin. "Tá an tseirbhís nua seo indéanta a bhuí le comhoibriú agus tiomantas foirne den scoth na gcomhpháirtithe uile lena mbaineann", a dúirt Rodrigo da Costa, Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUSPA.

Seirbhís nua feabhsaithe de chuid Chóras Domhanda Loingseoireachta Satailíte an AE is ea Seirbhís Ardchruinnis Galileo (HAS) a thugann cruinneas de ghnáth faoi bhun cúpla deiciméadar (<25cm cothrománach) faoi choinníollacha ainmniúla úsáide. Tarchuirtear an tseirbhís go díreach trí chomhartha Galileo sa spás (E6-B) agus tríd an idirlíon. Le HAS, is é Galileo an chéad bhuíon ar fud an domhain atá in ann seirbhís ardchruinnis a chur ar fáil ar fud an domhain agus go díreach tríd an gComhartha sa Spás.

### Cé hiad na daoine ar féidir leo an tseirbhís seo a úsáid?

Tá an tseirbhís ar fáil saor in aisce do gach úsáideoir a bhfuil glacadóir acu atá in ann na ceartúcháin HAS a chraoltar sa chomhartha E6-B a phróiseáil, agus tríd an idirlíon. Leis na ceartúcháin bheachta a chuirfidh Seirbhís Ardchruinnis Galileo ar fáil, beidh úsáideoirí na seirbhíse in ann an earráid a laghdú a bhaineann leis an bhfithis agus leis na cloig a sholáthraítear trí theachtaireachtaí loingseoireachta craolta Sheirbhís Oscailte Galileo agus trí shonraí loingseoireachta Sheirbhís Suite Chaighdeánach GPS.

"Le HAS Galileo táimid réidh leas iomlán a bhaint as teicneolaíochtaí nua, amhail dróin, agus tiomáint neamhspleách a thabhairt níos gaire don réaltacht" a dúirt Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUSPA, Rodrigo da Costa. "Ag EUSPA is é an ról atá againn an spás a nascadh le riachtanais na n-úsáideoirí. Agus an tseirbhís nua seo seolta againn, tá éileamh soiléir margaidh comhlíonta againn maidir le loingseoireacht chruinn, láidir agus iontaofa." a dúirt sé mar fhocal scoir.

Tá na doiciméid uile a bhaineann le HAS agus an fhaisnéis bhreise faoi sheirbhísí Galileo le fáil ar shuíomh gréasáin an Lárionaid Seirbhísí GNSS na hEorpa. [Clliceáil anseo](#) chun tuilleadh a léamh faoi HAS Galileo.

## Maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA)

Soláthraíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) seirbhísí Eorpacha loingseoireachta satailíte atá sábháilte agus slán, cuireann sí tráchtálú sonraí agus seirbhísí Galileo, EGNOS agus Copernicus chun cinn, comhordaíonn sí clár cumarsáide satailíte rialtais an Aontais GOVSATCOM, agus tá sí i gceannas ar sheirbhís oibríochtaí Dheasc Tosaigh an Chláir um Fhaireachas agus Rianú Spáis (SST) amhail ó 2023. Tá EUSPA freagrach as creidiúnú slándála a dhéanamh ar na comhpháirteanna uile de Chlár Spáis AE. Trí chabhrú le hearnáil spáis atá nuálach agus iomaíoch a fhorbairt agus trí dhul i dteagmháil le pobal iomlán Spáis AE, rannchuidíonn EUSPA leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an aistriú digiteach a bhaint amach agus le sábháilteacht agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a áirithiú, agus neamhspleáchas agus athléimneacht an Aontais á threisiú aige an tráth céanna.

### Le haghaidh tuilleadh faisnéise:

Marie Ménard, Oifigeach Cumarsáide EUSPA

[Marie.Menard@euspa.europa.eu](mailto:Marie.Menard@euspa.europa.eu)

Teil.: +420 237 766 627 – Fón póca: +420 602 619 776